



## Gearrchúrsa Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sóisearaí

Tionscadal Pearsanta: Aire a Thabhairt d'Ainmhithe

Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe



# An Clár Ábhar

Réamhrá	4
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	4
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh	5
Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú	5
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích	6
Measúnú Rangbhunaithe sa Tionscadal Pearsanta	7
Measúnú Rangbhunaithe: Cur i láthair	7
An Measúnú Rangbhunaithe i dTionscadal Pearsanta a chur i gcrích	8
Comhairle don scoláire	10
Cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála: Na Gnéithe Cáilíochta	11

# Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Gearrchúrsa Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sóisearaí, Tionscadal Pearsanta: Aire a thabhairt d'Ainmhithe*<sup>1</sup>. Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht do ghearrchúrsa Tionscadal Pearsanta na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba chóir na treoirínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa Tionscadail Phearsanta na Sraithe Sóisearaí agus leis an bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú don tSraith Shóisearach. Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag

<https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo seo measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a dhearfaidh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin.

## Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonracha(a) a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

---

<sup>1</sup> Sa chuid eile den cháipéis, tagrófar don chúrsa mar thionscadal pearsanta

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Is measúnuithe ar Leibhéal Comónta iad Measúnuithe Rangbhunaithe. Bunaíonn an múinteoir an leibhéal a ghnóthaíonn an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta a leagtar amach sna treoirlínte seo. Tá tuairisceoir amháin ag Leibhéal 2 – *Gnóthaithe*. Ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar *Gnóthaithe* an-ghar do na critéir uile nó do bhunús mór na gcritéar don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta agus ba chóir gurbh é breithiúnas ‘cothrom’ an mhúinteora go bhfuil an tuairisceoir sin tuillte ag obair an scoláire.

## Am don Mheasúnú Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Is ionann an Measúnú Rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i gceithre shnáithe an ghearrchúrsa tionscadail phearsanta. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh an obair sna ceithre shnáithe a chur i gcrích. Samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar thart ar 6-8 n-uair an chloig d’am ranga. Níl i gceist leis seo, áfach, ach treoir. Baineann an múinteoir feidhm as a bhreithiúnas gairmiúil féin lena shocrú cá mhéad ama a bhíonn de dhíth leis an measúnú a chur i gcrích, ag brath ar riachtanais an scoláire. Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnaithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain.

## Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear réimse féidearthachtaí i láthair maidir leis an gcaoi ar féidir an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh, agus ról an mhúinteora i riachtanais an scoláire a éascú. Laistigh de na paraiméadair a

shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na n-ábhar don mheasúnú a shocrú go neamhspleách.

Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(i) féin a fhorbairt.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis an measúnú a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil le cur i gcrích an mheasúnaithe ach:

- A chinntiú go dtugtar *an tSonraíocht agus na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir an Tuairisceoir leibhéal a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh.
- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann an múinteoir cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go mbaineann measúnú le cur ar chumas an mhúinteora torthaí a fheabhsú don scoláire, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbeadh an iomarca páipéarachais ná próisis ró-chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh aon pháipéarachas le foghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur chóir go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó fhoghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí rúin foghlama agus critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe a chomhroinnt, nuair is indéanta, ba chóir don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a aithint óna shaothar féin le húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainithnítear cén uair agus cén chaoi a ngabfar príomhghnéithe den fhoghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Seachnaítear sa chur chuige seo fianaise iomarcach agus mhíchuí a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainithint le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagasc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an taisc a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an tionscadail deiridh a éascú

## Measúnú Rangbhunaithe sa Tionscadal Pearsanta

Beidh an measúnú i dtionscadal pearsanta rangbhunaithe. Tá Measúnú Rangbhunaithe amháin ann, arb ionann é agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i gceithre shnáithe an ghearrchúrsa Tionscadail Phearsanta. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh an obair sna ceithre shnáithe a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

## Measúnú Rangbhunaithe: Cur i láthair

Bíonn ullmhúchán gairid i gceist maidir leis an gcur i láthair agus tugtar deis don scoláire a bhfuil ar eolas aige a léiriú. D'fhéadfadh comhoibriú le daoine eile a bheith ag teastáil chun taighde a dhéanamh ar na rudaí a bheidh le rá agus an bealach lena rá, eolas a fháil fúthu, iad a phleanáil agus a eagrú. Cuireann sé le muinín, agus forbraíonn sé scileanna cumarsáide agus idirghníomhú sóisialta le daoine eile. Tugann sé deis chomh maith scileanna a léiriú in oibriú leis an teicneolaíocht dhigiteach. Ceadaítear léirmhíniú leathan sa teideal. D'fhéadfaí aon fhormáid a áireamh sa Mheasúnú Rangbhunaithe – comhrá, agallamh, rólghlacadh, labhairt, teanga chomharthaíochta nó

formáid leictreonach a chuireann ar chumas an scoláire an fhoghlaim *a chur i láthair*. Cinntear an rogha formáide ón bhféidearthacht atá aici a chur ar chumas an scoláire a ghnóthachtáil a léiriú ar an gcaoi is fearr maidir leis an eolas nó coincheapa a foghlaimíodh agus na scileanna a forbraíodh.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú tríd an gcur i láthair ag brath, méid áirithe, ar thopaic agus ar mheán an chuir i láthair.

D'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag

Measúnú Rangbhunaithe: Cur i láthair
--------------------------------------

1.3, 1.4, 1.8, 2.3, 2.5, 2.6, 2.8, 3.1, 3.6, 3.8, 4.3, 4.6, 4.8
---

Cuireann an cur i láthair i gcomhair measúnú rannpháirtíocht an scoláire chun cinn mar gheall ar an méid seo a leanas:

- rogha faoin topaic a ndíreofar uirthi
- rogha faoi na formáidí cuir i láthair
- deiseanna comhoibríthe don scoláire in eolas cúlra a iniúchadh chun an measúnú a ullmhú

## An Measúnú Rangbhunaithe i dTionscadal Pearsanta a chur i gcrích

Sainithneoidh an scoláire topaic a bhaineann leis an gcúrsa – faoi threoir an mhúinteora más gá. Ba chóir go mbeadh réimsí spéise an scoláire mar threoir aige ina rogha le cois eolas an scoláire ar an topaic. Áirítear leis na hábhair a bheadh oiriúnach mar chur i láthair:

- Torthaí ár suirbhé ar mhadraí
- Leideanna faoi aire a thabhairt do do mhadra
- Saol an mhadra treorach
- Comharthaí a léiríonn go bhfuil tinneas ar do mhadra
- An fáth a bhfuil an aclaíocht go maith dúinne agus dár gcuid madraí
- Do mhuintir a choinneáil sábháilte agus folláin nuair a bhíonn madra sa teach
- Mar a d'fheabhsóinn caighdeán saoil madra (shamhailtigh) dá gcuirfí a dhrochdhálaí saoil i mo láthair

Aimsíonn an scoláire eolas ar an topaic agus cuireann sé cuid den eolas sin i láthair daoine eile.



Féadfaidh an scoláire oibriú le scoláire eile nó i ngrúpa ach ba chóir gur léir go raibh ionchur fiúntach ag gach scoláire san obair ullmhúcháin agus sa chur i láthair féin. Is é ról an scoláire féin agus mar a chuir sé leis an gcur i láthair fócas an tuairiscithe sa PGSS.

Ba chóir gur léiriú ar acmhainn an scoláire é fad an chuir i láthair i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Mar threoirlíne, níor chóir dó dul thar thrí nóiméad, ach amháin gur constaic í an teorainn ama sin ar an scoláire a chuid foghlama a léiriú ar bhealach fiúntach. Ar an mbealach céanna, ba chóir plé go críonna leis an treoir trí nóiméad i dtaca le hobair i mbeirteanna nó i ngrúpaí de. Ní gá glacadh leis gur sé nóiméad do bheirt ná naoi nóiméad do thriúr an t-am a bheadh i gceist. Coigeartaíonn an múinteoir an t-am lena chur ar chumas gach scoláire ionchur suntasach a bheith aige sa chur i láthair ina iomláine.

Féadfaidh scoláire labhairt le cabhair nótaí nó dá n-uireasa, agus tá cead aige script ullmhaithe a léamh. Ag brath ar fhormáid an chuir i láthair, féadfaidh scoláire feidhm a bhaint as léaráidí, maisíocht nó frapaí nuair is cuí.

D'fhéadfaí tasc an scoláire a mheas i láthair comhscoláirí nó ina n-aonar, ag brath ar leibhéal muiníne an scoláire agus an leis féin atá sé ag cur i láthair nó mar chuid de ghrúpa. B'fhéidir go gcabhródh sé leis an múinteoir cur i láthair an scoláire a thaifeadadh, más féidir, toisc go dtacaíonn an cleachtas sin leis na próisis athbhreithnithe agus machnaimh.

## **Ullmhúchán**

Is iomaí deis a bhíonn ag scoláire a bhíonn ag gabháil don ghearrchúrsa seo eolas a fháil agus labhairt le daoine eile. Foghlaimíonn sé cá háit ar chóir dul agus cé leis ar chóir labhairt nuair is gá dó eolas a aimsiú. Réitíonn sé cur i láthair dá chomhscoláirí nó do dhaoine eile ag amanna éagsúla le linn an chúrsa, m.sh. le torthaí suirbhé a chur i láthair ar na fáthanna a mbíonn ainmhithe ag déagóirí, le fíricí suimiúla a chur ar a súile dóibh nó a mhíniú cad chuige a bhfuil an aclaíocht go maith do na madraí. Bíonn sé i mbun (i bhfíorchásanna nó i gcásanna rólghlactha) glaonna gutháin ar ghairmithe éagsúla nó ar na seirbhísí éigeandála. Éiríonn sé cleachta le teacht ar réitigh ar fhadhbanna samhailteacha (atá ar eolas aige) atá le fáil i gcás-staidéir ar mhadraí a choinnítear i ndálaí do-ghlactha. Is é an t-ullmhú is fearr i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe an teagmháil agus cumarsáid leanúnach seo. Níor chóir gurbh é lá an Mheasúnaithe Rangbhunaithe an chéad taithí ag an scoláire ar eolas a chur i láthair daoine eile.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí san ullmhúchán roinnt bunobair fiosrúcháin ag an scoláire m.sh. suirbhé, agallamh, ríomhphost nó litreacha a scríobh. D'fhéadfadh sé go mbeadh eolas ar fáil i bhfoinsí idirlín chomh maith le bileoga agus eolas a thugann an múinteoir agus/nó daoine fásta eile i

dtimpeallacht foghlama laistigh den seomra ranga nó lasmuigh de. Ba chóir don scoláire, áfach, na bunteachtaireachtaí ón ngníomhaíocht fiosrúcháin a thairfeadh i meán a bhfuiltear cleachta leis (nótaí scríofa nó fuaime, siombailí...). D'fhéadfadh tacaíocht a bheith de dhíth ar an scoláire chun an t-ábhar a eagrú ina fhormaid fhóirsteanach le roinnt bheag bunteachtaireachtaí a chur i láthair trí úsáid stór bunfhocal.

Tá sé tábhachtach freisin ullmhú i gcomhair eolas a chur in iúl. Tá sé tábhachtach feacht a fhorbairt i measc scoláirí ar a riachtanaí atá sé cumarsáid shoiléir a dhéanamh tríd an meán a roghnaíodh m.sh. go digiteach, na healaíona drámaíochta nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Is gá don scoláire a aithint gur suntasach dáimh a chothú leis an lucht éisteachta/lena chomhpháirtí cumarsáide m.sh. thrí bhreathnú sa tsúil, gothaí, úsáid an ghrinn nó rogha frapaí. D'fhéadfaí a iarraidh ar scoláirí eile na gnéithe a bhaineann le cur i láthair éifeachtach, amhail teilgean gutha, luas agus tuin chainte a shamhaltú le cois úsáid éifeachtach ábhar tacaíochta físeáin nó digiteach.

## Comhairle don scoláire

- Roghnaigh topaic a bhfuil spéis agat inti a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo
- Féadfaidh tú an taighde a ullmhú agus a dhéanamh le do chomhscoláirí
- Féadfaidh tú an t-ullmhúchán a dhéanamh le do chomhscoláirí ach déanfar measúnú ar leith ar do chuid oibre féin
- Dá mhéad den obair sin a dhéanann tú i d'aonar is ea is fearr é
- Is féidir ceist a chur ar do mhúinteoir cá mhéad am ullmhúcháin atá agat
- Roghnaigh an bealach is fearr leat féin chun a bhfuil foghlamtha agat a chur i láthair
- Féadfaidh tú do chuid oibre a chur i láthair trí labhairt, do ghuth a thairfeadh agus/nó trí úsáid físeáin agus/nó grianghraf
- Cuir ceisteanna má tá aon rud ann nach dtuigeann tú nó nach bhfuil tú cinnte faoi

# Cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal gnóthachtála: Na Gnéithe Cáilíochta

## Na gnéithe cáilíochta

Is measúnuithe ar Leibhéal Comónta iad Measúnuithe Rangbhunaithe. Tá tuairisceoir amháin ag Leibhéal 2: **Gnóthaithe**.

Bunaíonn an múinteoir a bhreithiúnas ar cé acu a ghnóthaíonn nó nach ngnóthaíonn an scoláire Tuairisceán ‘Gnóthaithe’ sa Mheasúnú Rangbhunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta don **Chur i láthair** a leagtar amach sna Treoirlínte seo.

Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear le hobair an scoláire a mheasúnú.

### Na Gnéithe Cáilíochta: Cur i láthair

#### Gnóthaithe

Cuirtear líon beag teachtaireachtaí tábhachtacha in iúl sa chur i láthair (2-3).

Úsáidtear foirm chuí chumarsáide le tacaíocht/frapaí breise físeáin nó leictreonach (más cuí).

Déantar an cur i láthair ar luas a chuireann ar chumas an lucht éisteachta an méid atá á rá/á chur in iúl a chloisteáil/chomhshamlú.

Tá fianaise ann ar iarracht dáimh a chothú leis an lucht éisteachta (m.sh. trí bhreathnú sa tsúil, úsáid grinn, úsáid frapaí).

Tá réamhrá agus clabhsúr cinnte leis an gcur i láthair.

Tá an cinneadh maidir le Tuairisceoir ‘Gnóthaithe’ a bhronnadh ar obair an scoláire bunaithe ar bhreithiúnas an mhúinteora go bhfuil obair an scoláire, ‘ar an iomlán’, ag teacht leis na Gnéithe Cáilíochta mar a leagtar amach thuas.

#### Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear in iúl don scoláire ar ghnóthaigh, nó nár ghnóthaigh, sé Tuairisceoir ‘Gnóthaithe’ a luaithe a dhéanfar breithiúnas an mhúinteora. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an

scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag <http://juniorcycle.ie/Assessment>.

### **Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.